Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Meitheamh 2017**
**(OR. en)**

**10048/17**

**FISC 134**
**ECOFIN 508**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | An Cód Iompair (Cánachas Gnó)<br>– Tuarascáil don Chomhairle<br>– Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle |

1. Ag an gcruinniú a bhí aici ar an 8 Meitheamh 2017, phléigh an Mheitheal um an gCód Iompair an tuarascáil ón Meitheal chuig an gComhairle.

2. Mar is iondúil, ba cheart na dréachtchonclúidí ón gComhairle mar a leagtar amach thíos iad a bheith ag gabháil leis an tuarascáil sin:

"Maidir leis an gCód Iompair (Cánachas Gnó), déanann an Chomhairle an méid seo a leanas:

– cuireann sí in iúl gur díol sásaimh di an dul chun cinn a rinne an Mheitheal um an gCód Iompair le linn Uachtaránacht Mhálta mar a leagtar amach ina tuarascáil (10047/17 FISC 133 ECOFIN 507);

– iarrann sí ar an Meitheal leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar reo na gníomhaíochta agus ar chur chun feidhme an rollta siar agus iarrann sí ar an Meitheal leanúint den obair faoi Phacáiste Oibre 2015 freisin;

– tugann sí dá haire an dul chun cinn a rinneadh maidir le córais na dticbhoscaí paitinní a chur i gcomhréir le cur chuige comhaontaithe an chumarphointe agus iarrann sí ar an Meitheal leanúint d'fhaireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar an bpróiseas sin;

– iarrann sí ar na Ballstáit nach bhfuil a gcórais ticbhoscaí paitinní i gcomhréir le cur chuige modhnaithe an chumarphointe na córais sin a ailíniú a luaithe is féidir;

– iarrann sí ar an Meitheal um an gCód Iompair leanúint leis an obair ar na prionsabail a bhaineann le cur chuige modhnaithe an chumarphointe a chur i bhfeidhm ar chórais nach córais maoine intleachtúla iad, agus an méid a thit amach ar an leibhéal idirnáisiúnta agus a bhaineann le hábhar á chur san áireamh;

– tugann sí dá haire an dul chun cinn a rinne an Mheitheal um an gCód Iompair san obair leanúnach a rinne sí i gcomhthéacs na gConclúidí ón gComhairle an 8 Samhain 2016 maidir leis na critéir agus an próiseas i dtaca le bunú liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críocha cánach, agus iarrann sí ar an Meitheal um an gCód Iompair leanúint den obair sin a dhéanamh;

– athdhearbhaíonn sí gur cheart don Mheitheal um an gCód Iompair leanúint de bhearta cosanta a d'fhéadfaí a dhéanamh a fhiosrú, agus tugann sí dá haire, dá mba rud é go raibh nasc i gcomhaid áirithe reachtacha atá faoi chaibidil (gan dochar do thoradh na caibidlíochta sin) le liosta a bheadh ann amach anseo de dhlínsí neamh-chomhoibritheacha, go bhféadfadh sraith de bhearta cosanta éifeachtach agus athchomhairleach ar leibhéal an Aontais, i réimsí nach réimsí cánach iad, a bheith i gceist leis na forálacha sin freisin; faoi réir an liosta a bheith comhaontaithe mar aon le haidhm agus cuspóir na gcomhad reachtach ábhartha;

– formhuiníonn sí an 'Nóta Treorach maidir le pribhléidí cánach a bhaineann le criosanna eacnamaíocha speisialta, atá i gceangal leis an tuarascáil ón Meitheal um an gCód Iompair;

– iarrann sí ar an Meitheal um an gCód Iompair leanúint dá cuid oibre maidir le dréachtnóta treorach maidir le léirmhíniú an cheathrú critéir;

– iarrann sí ar an gCoimisiún leanúint den idirphlé le Lichtinstéin maidir le prionsabail an Chóid Iompair a chur i bhfeidhm, mar a leagtar amach sa tuarascáil;

– iarrann sí ar an Meitheal tuarascáil ar a cuid oibre a thabhairt don Chomhairle le linn Uachtaránacht na hEastóine.".

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

– an tuarascáil (10047/17 FISC 133 ECOFIN 507) a chur chuig an gComhairle i dteannta na ndréachtchonclúidí ón gComhairle mar a leagtar amach thuas;

– a mholadh don Chomhairle an dá cheann acu a fhormheas mar mhír "A" ar a clár oibre.